BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

19 Nollaig 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais – Rialuithe teorann, tearmainn agus inimirce – Beartas tearmainn – Treoir 2013/32/AE – Nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Iarratas ar chosaint idirnáisiúnta – Forais do-ghlacthachta – Airteagal 2(q) – An coincheap 'iarratas ina dhiaidh sin' – Airteagal 33(2)(d) – Diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ag Ballstát toisc é a bheith do-ghlactha mar gheall ar dhiúltú d'iarratas arna dhéanamh roimhe sin i mBallstát eile nó toisc go ndearna an Ballstát eile an nós imeachta maidir leis an iarratas roimhe sin a chlabhsúr')

I gCásanna uamtha C-123/23 agus C-202/23 [Khan Yunis agus Baabda] [i],

Dhá IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Verwaltungsgericht Minden (an Chúirt Riaracháin, an Ghearmáin), trí chinntí an 28 Deireadh Fómhair 2022, a fuarthas ag an gCúirt Bhreithiúnais an 1 Márta 2023 (C-123/23) agus an 28 Márta 2023 (C-202/23), sna himeachtaí i gcoinne

N. A. K.,

E. A. K.,

Y. A. K. (C-123/23),

M. E. O. (C-202/23)

v

Poblacht na Gearmáine,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta de I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, D. Gratsias (Rapóirtéir) agus E. Regan, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: A. Juhász-Tóth, Riarthóir,

ag féachaint don chuid i scríbhinn den nós imeachta agus i dtaca le héisteacht an 29 Feabhra 2024,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé do fhíorainm aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí..

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann iad seo a leanas:

– Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller, A. Hoesch agus R. Kanitz, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Fraince, ag R. Bénard agus J. Illouz, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Azéma, J. Hottiaux, B. Schima agus J. Vondung, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 27 Meitheamh 2024

an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, LCH 60), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q) den Treoir sin.

2 Rinneadh na hiarrataí seo in dhá imeacht, idir N.A.K., E.A.K. agus Y.A.K. (Cás C-123/23) agus M.E.O. (Cás C-202/23) i bPoblacht na Gearmáine (Poblacht Chónaidhme na Gearmáine) maidir le dlíthiúlacht an dá chinneadh arna nglacadh ag an Bundesamt für Migration und Flüchtlinge (an Oifig Cónaidhme um Imirce agus Dídeanaithe, an Ghearmáin) (‘an Oifig Cónaidhme’) lenar diúltaíodh dá n-iarrataí ar thearmann toisc iad a bheith do-ghlactha.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 2011/95/AE

3 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 2 de Threoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar (IO L 337, lch. 9), dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

a) ciallaíonn “cosaint idirnáisiúnta” stádas dídeanaí agus stádas cosanta coimhdí mar a shainmhínítear i bpointí e) agus g) iad;

b) ciallaíonn “tairbhí de chosaint idirnáisiúnta” duine dár deonaíodh stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí mar a shainmhínítear i bpointí e) agus g) iad;

[...]

d) ciallaíonn “dídeanaí” náisiúnach tríú tír atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de bharr eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar náisiúntacht, ar thuairim pholaitiúil nó ar bhallraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó duine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo ar na cúiseanna sin a luaitear thuas agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach, filleadh ar an tír sin, sa chás gur duine é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 12 maidir leis;

e) ciallaíonn “stádas dídeanaí” an t-aitheantas mar dhídeanaí a thabharfaidh Ballstát do náisiúnach tríú tír nó do dhuine gan stát;

f) ciallaíonn “duine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach” náisiúnach tríú tír nó duine gan stát nach gcáilíonn mar dhídeanaí ach ar taispeánadh ina leith go bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh an duine lena mbaineann, dá bhfillfeadh sé nó sí ar a thír thionscnaimh nó ar a tír thionscnaimh, nó, i gcás duine gan stát, dá bhfillfeadh sé nó sí ar an tír ina raibh gnáthchónaí air nó uirthi roimhe seo, go mbeadh fíorbhaol ann go bhfulaingeodh sé nó sí díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 í, ós rud é nach bhfuil feidhm ag Airteagal 17(1) agus (2) maidir leis nó léi, agus nach bhfuil in ann nó, de bharr baol den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin;

g) ciallaíonn “stádas cosanta coimhdí” náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bheith aitheanta ag Ballstát mar dhuine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach;

h) ciallaíonn “iarratas ar chosaint idirnáisiúnta” iarratas ó Bhallstát ar chosaint ó náisiúnach tríú tír nó ó dhuine gan stát, rud atá intuigthe amhail go bhfuil stádas dídeanaí nó an stádas arna dheonú le cosaint choimhdeach á lorg aige leis, i gcás nach n-iarrann an t-iarratasóir cineál eile cosanta go sainráite atá lasmuigh de raon feidhme na Treorach seo agus inar féidir leis a bheith ina ábhar d’iarratas ar leith,

[…]’

Treoir 2013/32,

4 Foráiltear mar seo a leanas in aithris 13 de Threoir 2013/32:

‘Ba cheart teorainn a chur le gluaiseachtaí tánaisteacha iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta idir na Ballstáit i gcás ina mbeadh gluaiseachtaí den sórt sin mar thoradh ar dhifríochtaí atá ann idir creataí dlíthiúla na mBallstát agus coinníollacha coibhéiseacha a chruthú chun an Treoir [2011/95] a chur i bhfeidhm sna Ballstáit, le comhfhogasú na rialacha maidir le nósanna imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 2 den Treoir sin, dar teideal ‘Sainmhíniú’:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[…]

b) ciallaíonn “iarratas ar chosaint idirnáisiúnta” nó “iarratas” iarratas ó Bhallstát ar chosaint ó náisiúnach tríú tír nó ó dhuine gan stát, rud atá intuigthe amhail go bhfuil stádas dídeanaí nó an stádas arna dheonú le cosaint choimhdeach á lorg aige leis, i gcás nach n-iarrann an t-iarratasóir cineál eile cosanta go sainráite atá lasmuigh de raon feidhme T[h]reoir [2011/95] agus inar féidir leis a bheith ina ábhar d’iarratas ar leith;

[...]

e) ciallaíonn “cinneadh críochnaitheach” aon chinneadh stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí a dheonú don náisiúnach tríú tír nó don duine gan stát i gcomhréir leis an Treoir [2011/95] agus nach bhfuil faoi réir achomharc faoi Chaibidil V den Treoir seo a thuilleadh, cé acu atá nó nach bhfuil sé d’éifeacht ag achomharc den sórt sin bunús a thabhairt d’iarratasóir fanacht ar chríoch na mBallstát lena mbaineann go dtí go dtabharfar i gcrích é go rathúil;

f) ciallaíonn “údarás cinntitheach” aon chomhlacht gar-bhreithiúnach nó riaracháin i mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta agus atá inniúil chun cinntí a dhéanamh ag an gcéad chéim i gcásanna den sórt sin;

[...]

g) ciallaíonn “iarratas ina dhiaidh sin” iarratas eile ar chosaint idirnáisiúnta a dhéantar tar éis cinneadh críochnaitheach a bheith déanta i dtaobh iarratas roimhe sin, lena n-áirítear an cás inar tharraing an t-iarratasóir an t-iarratas uaidh siar go sainráite nó cásanna inar dhiúltaigh an t-údarás cinntitheach d’iarratas tar éis é a bheith tarraingthe siar go hintuigthe, i gcomhréir le hAirteagal 28(1).’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 6 den Treoir sin, dar teideal ‘Seirbhísí lena mbaineann’:

‘1. Nuair a dhéanfaidh duine iarratas ar chosaint idirnáisiúnta chuig an údarás inniúil faoin dlí náisiúnta le haghaidh iarratais den chineál sin a chlárú, déanfar an clárú, ar a dhéanaí, 3 lá oibre tar éis chur isteach na hiarrata.

I gcás ina ndéanfar an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta chuig údaráis eile a d’fhéadfadh iarratais den chineál sin a fháil, ach nach bhfuil inniúil, faoin dlí náisiúnta, chun iad a chlárú, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an clárú, ar a dhéanaí, 6 lá oibre tar éis chur isteach na hiarrata.

[...]

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh deis éifeachtach ag iarratasóirí iarratas a dhéanamh a luaithe is féidir. I gcás ina mainfidh na hiarratasóirí a n-iarratais a thaisceadh, féadfaidh na Ballstáit Airteagal 28 a chur i bhfeidhm dá thoradh sin.

[...]’

7 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 28 den Treoir chéanna, dar teideal ‘Nós imeachta i gcás ina ndéantar an t-iarratas a tharraingt siar nó a aisghabháil go hintuigthe’:

‘1. I gcás inarb ann d’fhoras substaintiúil chun a mheas go ndearna iarratasóir a iarratas a tharraingt siar nó a aisghabháil go hintuigthe, áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh an t-údarás cinntitheach cinneadh, eadhon scor den iarratas a scrúdú nó, ar choinníoll go measann an t-údarás cinntitheach go bhfuil an t-iarratas gan bhunús ar bhonn scrúdú substainteach iomchuí ar an iarratas, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir [2011/95], an t-iarratas a dhiúltú.

Féadfaidh na Ballstáit a thoimhdiú go ndearna an t-iarratasóir a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar nó a aisghabháil go hintuigthe, go háirithe i gcás ina gcinntear an méid seo a leanas:

a) nár fhreagair sé nó sí iarratais chun faisnéis a sholáthar atá riachtanach dá iarratas i dtéarmaí Airteagal 4 den Treoir [2011/95] nó nár tháinig sé chun agallaimh phearsanta dá bhforáiltear in Airteagal 14 go hAirteagal 17 den Treoir seo, ach amháin má léiríonn an t-iarratasóir laistigh de thréimhse réasúnach ama gur tharla an mhainneachtain de bharr imthosca nach raibh neart aige nó aici orthu;

b) gur éalaigh sé nó sí óna áit nó óna háit chónaithe nó ón áit inar coinníodh é nó í, nó gur fhág sé nó sí an áit choinneála gan údarú, gan teagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil laistigh de thréimhse réasúnach ama, nó nár chomhlíon sé laistigh de thréimhse réasúnach ama dualgais tuairiscithe nó oibleagáidí eile chun fógra a thabhairt, ach amháin má léiríonn an t-iarratasóir gur tharla sé de bharr imthosca nach raibh neart aige nó aici orthu.

[...]

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil iarratasóir a thuairiscíonn an athuair don údarás inniúil tar éis cinneadh scor dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i dteideal a iarraidh go ndéanfar a chás nó a cás a athoscailt nó iarratas nua a dhéanamh nach mbeidh faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 41.

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ar theorainn ama de 9 mí ar a laghad nach bhféadfar cás an iarratasóra a athoscailt ina dhiaidh sin, nó féadfar an t-iarratas nua a láimhseáil mar iarratas ina dhiaidh sin agus é a bheith faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 41.

Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar an duine sin a aistriú contrártha do phrionsabal an *non-refoulement*..

Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt don údarás cinntitheach leanúint leis an scrúdú ag céim a scortha.

3. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013 L 180, lch. 31 “Rialachán Bhaile Átha Cliath III”)].’

8 De bhun Airteagal 33 de Rialachán 2013/32, dar teideal ‘Iarratais neamh-inghlactha’:

‘1. Sa bhreis ar na cásanna nach ndéantar scrúdú ar iarratas iontu i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, níl ceangal ar na Ballstáit a scrúdú i dtaobh an gcáilíonn iarratasóir do chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Treoir 2011/95 i gcás ina meastar an t-iarratas a bheith neamh-inghlactha de bhun an Airteagail sin.

2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta do-ghlactha ach amháin sna cásanna seo a leanas:

[...]

d) gur iarratas ina dhiaidh sin é an t-iarratas, i gcás nár eascair nó nár thug an t-iarratasóir ar aird gnéithe nó tátail nua ar bith i dtaca leis an scrúdú i dtaobh an gcáilíonn an t-iarratasóir mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta de bhua Threoir 2011/95;

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 40 den Treoir sin, dar teideal ‘Iarratais ina dhiaidh sin’:

‘1. Más rud é, maidir le duine a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát déanta aige, go ndéanfaidh sé aon uiríoll breise nó aon iarratas eile ina dhiaidh sin sa Bhallstát céanna, scrúdóidh an Ballstát sin na huiríll bhreise nó gnéithe den iarratas ina dhiaidh sin faoi chuimsiú an scrúdúcháin roimhe sin nó faoi chuimsiú scrúdú an chinnidh atá faoi athbhreithniú nó faoi achomharc, sa mhéid go bhféadfaidh na húdaráis inniúla na gnéithe ar fad atá mar bhunús leis na huiríll bhreise nó leis an iarratas nua a chur san áireamh agus a mheas laistigh den chreat sin.

2. Chun críche cinneadh a ghlacadh i dtaca le hinghlacthacht an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta de bhun Airteagal 33(2)(d), beidh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéantar ina dhiaidh sin faoi réir réamhscrúdú ar dtús i dtaobh gnéithe nó tátail nua a bheith ag eascairt nó a bheith curtha i láthair ag an iarratasóir a bhaineann leis an scrúdú i dtaobh an gcáilíonn an t-iarratasóir mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta de bhua Threoir 2011/95/AE.

[...]

5. Nuair nach ndéantar iarratas ina dhiaidh sin a scrúdú tuilleadh de bhun an Airteagail seo, measfar é a bheith do-ghlactha, i gcomhréir le hAirteagal 33(2)(d). [...]

[...]

7. Maidir le duine ar gá cinneadh aistrithe a dhéanamh ina leith de bhun Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, go ndéanann sé uiríll bhreise nó iarratas eile ina dhiaidh sin i mBallstát an aistrithe, scrúdóidh an Ballstát freagrach, mar a shainmhínítear sa Rialachán sin, na huiríll nó na hiarratais ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Treoir seo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil.]

10 Leagtar amach an méid seo a leanas sa chéad mhír d'Airteagal 41 den Treoir sin, dar teideal 'Eisceachtaí ar an gceart fanachta i gcás iarratas ina dhiaidh sin':

'Féadfaidh na Ballstáit eisceacht a dhéanamh ar an gceart chun fanacht ar an gcríoch sna cásanna seo a leanas:

a) i gcás inar thaisc duine a chéad iarratas ina dhiaidh sin, nach ndéantar a scrúdú tuilleadh de bhun Airteagal 40(5), díreach chun moill nó bac a chur ar fhorfheidhmiú cinnidh arb é an toradh a bheadh air go ndéanfar an duine a aistriú láithreach ón mBallstát sin; nó

b) i gcás ina ndéanfaidh duine iarratas eile ina dhiaidh sin sa Bhallstát céanna, tar éis cinneadh críochnaitheach a fháil go raibh an chéad iarratas ina dhiaidh sin neamh-inghlactha de bhun Airteagal 40(5) nó tar éis cinneadh críochnaitheach gan glacadh leis an iarratas toisc é a bheith gan bhunús má dhéanann sé iarratas eile ina dhiaidh sin sa Bhallstát céanna, tar éis cinneadh críochnaitheach inar measadh go raibh an chéad iarratas ina dhiaidh sin neamh-inghlactha de bhun Airteagal 40(5) nó tar éis cinneadh críochnaitheach diúltú don iarratas sin toisc é a bheith gan bhunús.

Ní fhéadfaidh na Ballstáit eisceacht mar sin a dhéanamh ach i gcás ina measann an t-údarás cinntitheach nach dtiocfaidh *refoulement* díreach nó indíreach as cinneadh um fhilleadh, a bheadh mar shárú ar oibleagáidí idirnáisiúnta an Bhallstáit sin agus ar oibleagáidí an Bhallstáit sin i leith an Aontais.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Bhaile Átha Cliath III

11 Leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 48 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle an 18 Feabhra 2003, lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann arna dhéanamh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír (IO 2003 L 50, lch. 1) a aisghaireadh, a cuireadh in ionad an Choinbhinsiúin lena gcinntear cén Stát atá freagrach i scrúdú iarratais ar thearmann arna thaisceadh i gceann de Bhallstáit na gComhphobal Eorpach, arna shíniú i mBaile Átha Cliath an 15 Meitheamh 1990 (IO 1997 C 254, lch. 1), i gcomhréir lena Airteagal 24.

12 I gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, dar teideal 'Ábhar', bunaítear leis an Rialachán seo na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát ('an Ballstát atá freagrach').

13 I gCaibidil II den Rialachán sin, dar teideal 'Prionsabail ghinearálta agus coimircí', foráiltear an méid seo a leanas leis an gcéad fhomhír dá hAirteagal 3, dar teideal 'Rochtain ar an nós imeachta chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú':

'Déanfaidh na Ballstáit scrúdú ar aon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanfaidh náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a chuirfidh iarratas isteach ar chríoch aon Bhallstáit acu, lena n-áirítear ag an teorainn nó sna limistéir idirthurais. Déanfaidh Ballstát amháin scrúdú ar an iarratas, ar Ballstát é a thabharfar le fios sna critéir a leagtar amach i gCaibidil III go mbeidh sé freagrach.'

14 Foráiltear mar seo a leanas leis an gcéad agus dara fomhír d'Airteagal 17(1) den Rialachán seo, dar teideal, 'Clásail lánroghnacha':

'De mhaolú ar Airteagal 3(1), féadfaidh gach Ballstát a chinneadh scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a rinne náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a dhéanamh leis, fiú mura mbeidh sé freagrach as scrúdú a dhéanamh de réir na gcritéar a leagtar síos sa Rialachán seo.

Is é an Ballstát sin a chinnfidh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú de bhun na míre seo an Ballstát atá freagrach agus glacfaidh sé na hoibleagáidí a ghabhann leis an bhfreagracht sin air féin. [...]

15 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 18 den Rialachán sin, dar teideal 'Oibleagáidí an Bhallstáit atá freagrach':

'1. Beidh sé d'oibleagáid ar an mBallstát atá freagrach faoin Rialachán seo:

a) iarratasóir a bheidh tar éis iarratas a thaisceadh i mBallstát eile a ghabháil ar láimh, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 21, 22 agus 29;

b) iarratasóir a mbeidh a iarratas á scrúdú agus a bhfuil tar éis iarratas a taisceadh aige i mBallstát eile nó a bheidh ar chríoch Ballstáit eile ach gan doiciméad cónaithe a bheith aige, a ghabháil ar ais, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 23, 24, 25 agus 29;

c) náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bheidh tar éis iarratas a bhí á scrúdú a tharraingt siar agus iarratas a thaisceadh i mBallstát eile, nó atá ar chríoch Ballstáit eile ach gan doiciméad cónaithe a bheith aige, faoi na coinníollacha a leagtar síos in síos in Airteagail 23, 24, 25 agus 29;

d) náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ar diúltaíodh dá iarratas nó dá hiarratas agus a rinne iarratas a thaisceadh i mBallstát eile nó a bheidh ar chríoch Ballstáit eile ach gan doiciméad cónaithe a bheith aige a ghabháil ar ais, faoi na coinníollacha leagtar síos in Airteagail 23, 24, 25 agus 29;

2. [...]

Sna cásanna a thagann faoi raon feidhme mhír 1(c) ina scoirfidh an Ballstát den iarratas a scrúdú tar éis don iarratasóir é a tharraingt siar sula nglacfar aon chinneadh ag an gcéad chéim maidir leis an tsubstaint, áiritheoidh an Ballstát sin go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal iarraidh a dhéanamh go gcuirfear bailchríoch ar an scrúdú ar a hiarratas nó a iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh agus nach gcaithfear leis an iarratas mar iarratas iartheachtach dá bhforáiltear i dTreoir [2013/32]. I gcásanna den sórt sin, cinnteoidh Ballstáit go dtugtar an scrúdú ar an iarratas i gcrích.

16 Foráiltear mar seo a leanas sa chéad mhír d'Airteagal 27 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, 'Leigheasanna Breithiúnacha':

'Beidh an ceart ag an iarratasóir nó ag duine eile dá dtagraítear in Airteagal 18(1) (c) nó (d) chun leigheas éifeachtach a fháil, i bhfoirm achomhairc nó athbhreithnithe, maidir le fíoras agus dlí, i gcoinne an chinnidh aistrithe, os comhair cúirte nó binse.'

17 Foráiltear mar seo a leanas d'Airteagal 29(1) agus (2) den Rialachán sin, dar teideal 'Rialacha agus teorainneacha ama mionsonraithe':

'1. Déanfar aistriú an iarratasóra nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(c) nó (d) ón mBallstát iarrthach chuig an mBallstát atá freagrach i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrthaigh, tar éis comhairliúchán idir na Ballstáit lena mbaineann, a luaithe is féidir, agus ar a dhéanaí laistigh de 6 mhí tar éis do Bhallstát eile glacadh leis an iarraidh an duine lena mbaineann a ghabháil ar láimh nó an duine lena mbaineann a ghabháil ar ais nó laistigh de 6 mhí ón gcinneadh críochnaitheach maidir le hachomharc nó maidir le hathbhreithniú i gcás ina mbeidh éifeacht fionraíochta ann i gcomhréir le hAirteagal 27(3).

[...]

2. I gcás nach gcuirfear an t-aistriú i gcrích laistigh den teorainn ama 6 mhí, bainfear a oibleagáidí an duine lena mbaineann a ghabháil ar láimh nó a ghabháil ar ais den Bhallstát atá freagrach agus cuirfear freagracht ansin ar an mBallstát iarrthach. Féadfar an teorainn ama sin a fhadú suas go dtí bliain amháin ar a mhéid más rud é nárbh fhéidir an t-aistriú a chur i gcrích toisc an duine lena mbaineann a bheith i bpríosún nó suas go dtí 18 mí ar a mhéid má éalaíonn an duine lena mbaineann.'

Dlí na Gearmáine

An AsylG

18 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 26a(2) den Asylgesetz (an Dlí maidir leis an gceart chun tearmainn, BGBI. 2008 I, lch. 1798), sa leagan is infheidhme maidir leis na fíricí sna príomhimeachtaí (an 'AsylG'), dar teideal 'Iarratas ina dhiaidh sin':

'Chomh maith le Ballstáit [an Aontais], is ionann tríú tíortha sábháilte agus na cinn a liostaítear in Iarscríbhinn I.'

19 Foráiltear le hAirteagal 29(1) de AsylG, dar teideal 'Iarratais dho-ghlactha':

'Tá iarratas ar thearmann do-ghlactha más rud é:

[...]

5. I gcás iarratas ina dhiaidh sin de réir bhrí Airteagal 71 nó dara hiarratas de réir bhrí Airteagal 71a, níor cheart nós imeachta tearmainn nua a sheoladh.

20 Leagtar amach an méid seo a leanas le hAirteagal 31(2) de AsylG, dar teideal 'Cinntí ón Oifig Cónaidhme maidir le hiarratais ar thearmann':

Sonrófar go sainráite sna cinntí maidir le hiarratais inghlactha ar thearmann [...] an bhfuil stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí ag an náisiúnach eachtrach agus an aithnítear é nó í mar thairbhí den cheart chun tearmainn. [...]'

21 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 71(1) de AsylG, dar teideal ‘Iarratas ina dhiaidh sin’:

‘Más rud é, tar éis an iarratais ar thearmann ina dhiaidh sin a tharraingt siar nó tar éis diúltú go cinntitheach dó, go ndéanfaidh an náisiúnach eachtrach iarratas nua ar thearmann (iarratas ina dhiaidh sin) a thaisceadh, ní mór nós imeachta nua tearmainn a chur i gcrích ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 51(1) go (3) den [Verwaltungsverfahrensgesetz (an tAcht um Nós Imeachta Riaracháin, BGBl. 2003 I, lch. 102, “VwVfG”); déanfaidh an Oifig Cónaidhme an scrúdú ar an méid sin.

[…]’

22 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 71a(1) de AsylG, dar teideal ‘an dara hiarratas’:

‘Má dhéanann náisiúnach eachtrach, tar éis nós imeachta tearmainn a bheith dúnta trí dhiúltú i dtríú tír shábháilte (Airteagal 26a) a bhfuil feidhm ag forálacha dlíthiúla [an Aontais Eorpaigh] a bhaineann le freagracht as nósanna imeachta tearmainn a phróiseáil ina leith nó lena bhfuil conradh idirnáisiúnta tugtha i gcrích ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine ina leith sin, iarratas ar thearmann a dhéanamh sa chríoch Chónaidhme (an dara hiarratas), ní fhéadfar nós imeachta eile tearmainn a sheoladh ach amháin i gcás ina bhfuil Poblacht Chónaidhme na Gearmáine freagrach as an nós imeachta tearmainn a phróiseáil agus ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 51(1) go (3) [de VwVfG]; déanfaidh an Oifig Cónaidhme an scrúdú ar an méid sin.’

An VwVfG

23 Sonraítear mar seo a leanas le hAirteagal 51(1) agus (2) den VwVfG:

‘(1) Ní mór don údarás, ar iarratas ón duine lena mbaineann, cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh sé gníomh riaracháin nach bhféadfar achomharc a dhéanamh ina choinne a chur ar ceal nó an leasóidh sé é más rud é:

1. go bhfuil athrú tagtha ina dhiaidh sin ar an staid fhíorasach nó dhlíthiúil ar a raibh an gníomh riaracháin bunaithe i bhfabhar an duine lena mbaineann;

2. go bhfuil fianaise nua tagtha chun cinn as a ndéanfaí cinneadh níos fabhraí ina leith don duine lena mbaineann;

[…]

(2) Ní bheidh an t-iarratas inghlactha, ach amháin más rud é, gan locht tromchúiseach a bheith air, foras chun na himeachtaí a ath-oscailt a mhaíomh, i gcomhthéacs an nós imeachta roimhe sin.’

Na príomhimeachtaí agus na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

Cás C-143/23

24 Is í N.A.K. máthair E.A.K. agus Y.A.K., leanaí mionaoiseacha a bhfuil sí ina hionadaí dlíthiúil dóibh Is daoine gan stát de chuid na Palaistíne iad, de thionscnamh Stráice Gaza. De réir a ráiteas, tháinig siad isteach chuig an Ghearmáin an 11 Samhain 2019 agus rinne siad iarratas ar

thearmann an 15 Samhain ina dhiaidh sin. Cláraíodh a n-iarratais an 22 Samhain 2019. Mar thaca leis na hiarratais sin, mhaígh N.A.K. go ndearna Hamas géarleanúint uirthi agus ar a páistí mar gheall ar ghníomhaíochtaí polaitiúla a fir céile. Ina theannta sin, theastaigh óna tuismitheoirí iallach a chur uirthi a leanaí a thabhairt ar ais do theaghlach a fir chéile agus filleadh ar theach a tuismitheoirí amháin.

25 Is léir ó ráitis N.A.K. agus ón taighde atá déanta ag an Oifig Cónaidhme gur chuir N.A.K. iarrataí ar thearmann isteach roimhe sin chuig údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe agus Ríocht na Beilge. Dhiúltaigh Ríocht na Beilge don iarraidh ar ghabháil ar ais arna cur isteach ag an Oifig Cónaidhme chuig údarás inniúil na Spáinne. Níor cuireadh aon iarraidh ar ghabháil ar ais isteach chuig údarás inniúil na Beilge.

26 I bhfreagra ar iarraidh ar fhaisnéis arna cur isteach ag an Oifig Cónaidhme, dúirt údarás inniúil na Beilge an 5 Márta 2021 gur diúltaíodh don iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag N.A.K. an 21 Lúnasa 2018 le cinneadh an 5 Iúil 2019, nach ndearnadh aon achomharc ina aghaidh. Mheas údarás inniúil na Beilge, go háirithe, nár thaispeáin sé go raibh sé intuartha go raibh N.A.K. i mbaol géarleanúna i mbaol díobháil thromchúiseach ina thír thionscnaimh.

27 Le cinneadh an 25 Bealtaine 2021, dhiúltaigh an Oifig Cónaidhme d'iarratais ar thearmann de chuid N.A.K., E.A.K. agus Y.A.K, ar an bhforas, go bunúsach, go raibh feidhm ag Airteagal 71a de AsylG agus nár comhlíonadh na coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbunús le hoscailt nós imeachta nua maidir le tearmann. An 9 Meitheamh 2021, thug N.A.K., E.A.K. agus Y.A.K caingean isteach i gcoinne an chinnidh sin os comhair Verwaltungsgericht Minden (Cúirt Riaracháin Minden, an Ghearmáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur.

28 Tugann an chúirt sin faoi deara gur léir ó bhreithiúnais an 20 Bealtaine 2021, L.R. *(Iarratas ar thearmann arna dhiúltú ag an Iorua)* (C-8/20, EU:C:2021:404), agus an 22 Meán Fómhair 2022, Bundesrepublik Deutschland *(Iarratas ar thearmann arna dhiúltú ag an Danmhairg)* (C-497/21, EU:C:2022:721), nach féidir feidhm a bheith ag foráil amhail Airteagal 71a de AsylG i gcás ina dhiúltaigh, faoi seach, tríú Stáit nó Ballstát seachas an ceann ar cuireadh dara hiarratas isteach chuici nach gcuireann Treoir 2011/95 i bhfeidhm ina leith, d'iarratas ar thearmann ón bpáirtí leasmhar céanna. Os a choinne sin, d'fhág an cheist maidir le cibé an féidir feidhm a bheith ag foráil den chineál sin i gcás ina dhiúltaítear don chéad iarratas ar thearmann ó Bhallstát eile nach gcuireann Treoir 2011/95 i bhfeidhm gan socrú. Bheadh an cheist seo ríthábhachtach, áfach, do thoradh na díospóide sna príomhimeachtaí, ós rud é, sa chás seo, nár chuir na hiarratasóirí eilimintí nó fíorais nua isteach a d'fhéadfadh a bheith ina mbunús don athbhreithniú ar a n-iarratas, i gcomhréir le hAirteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32 agus Airteagal 71a(1) de AsylG, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 51(1) agus (2) de VwVfG.

29 I ndáil leis sin, measann an chúirt a rinne an tarchur, go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'iarratas ina dhiaidh sin' de réir bhrí Airteagal 2(q) de Threoir 2013/32, cás maidir le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh tar éis do Bhallstát eile de chuid an Aontais cinneadh críochnaitheach maidir le hiarratas comhchosúil ina dhiaidh sin ón iarratasóir céanna, rud a fhágann go bhfuil Airteagal 33(2)(d) den Treoir chéanna infheidhme maidir le hiarratas den chineál sin.

30 Sna himthosca sin, chinn Verwaltungsgericht Minden (an Chúirt Riaracháin, Minden) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An gcaithfear Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q) den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Bhallstáit faoina bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh sa Bhallstát sin le diúltú toisc é a bheith do-ghlactha más rud é gur dhiúltaigh Ballstát eile go cinntitheach d’iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a taisceadh roimhe sin sa Bhallstát eile sin toisc é a bheith gan bhunús?’

Cás C-202/23

31 An 2 Márta 2020, tháinig M.E.O., saoránach de chuid na Liobáine, isteach sa Ghearmáin agus rinne sé iarratas ar thearmann arna chlárú ag an Oifig Cónaidhme an 30 Aibreán 2020. Léiríodh i taighde arna dhéanamh ag an Oifig Cónaidhme go ndearna M.E.O. iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Pholainn, sular tháinig sé isteach sa Ghearmáin.

32 Le litir arna dátú an 29 Aibreán 2020, thóg údaráis na Polainne M.E.O. ar ais. Le cinneadh an 25 Meitheamh 2020, arna chur in iúl do M.E.O. an 1 Iúil 2020, dhiúltaigh an Oifig Cónaidhme dá hiarratas ar thearmann toisc é a bheith do-ghlactha agus d’ordaigh sí go n-aistreofaí é go dtí an Pholainn. Thug M.E.O. achomharc i gcoinne an chinnidh sin, mar aon le hiarratas ar bhearta eatramhacha. Diúltaíodh don iarraidh sin an 31 Iúil 2020. Is léir mar sin féin, ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, nach féidir an cinneadh M.E.O. a aistriú chun na Polainne a fhorfheidhmiú, gan é a bheith indéanta a mheas gur theith M.E.O., de réir bhrí Airteagal 29(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

33 An 2 Feabhra 2021, chuir an Oifig Cónaidhme cinneadh an 25 Meitheamh 2020 ar neamhní, ar an bhforas go raibh an spriocdháta chun M.E.O. a aistriú go dtí an Pholainn imithe in éag. Os a choinne sin, mar fhreagra ar iarraidh ón Oifig Cónaidhme, chuir údaráis na Polainne in iúl don Oifig gur dúnadh an nós imeachta, a tionscnaíodh leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh ag M.E.O. sa Pholainn, an 20 Aibreán 2020 ar an bhforas go raibh M.E.O ina chónaí sa Ghearmáin. Maíonn an chúirt a rinne an tarchur gur féidir an nós imeachta sin a atosú, i gcomhréir le reachtaíocht na Polainne, arna iarraidh sin ó M.E.O., laistigh de 9 mí ónar dúnadh é, is é sin, go dtí an 20 Eanáir 2021.

34 Le cinneadh an 14 Iúil 2021, dhiúltaigh an Oifig Cónaidhme d’iarratas ar thearmann de chuid M.E.O. toisc é a bheith do-ghlactha agus bhagair sé é a aistriú go dtí an Liobáin. An 27 Iúil 2021, thug M.E.O. caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair na cúirte a rinne an tarchur. Le cinneadh an 31 Lúnasa 2021, chuir an chúirt a rinne an tarchur an t-ordú aistrithe ar fionraí.

35 Maíonn an chúirt a rinne an tarchur, go gcomhlíontar coinníollacha chur chun feidhme Airteagal 71a de AsylG, mar thoradh ar na fíricí sna príomhimeachtaí, ionas nach mór iarratas ar thearmann de chuid M.E.O. a dhiúltú toisc é a bheith do-ghlactha. Mar sin, de pháirt amháin, measann an chúirt a rinne an tarchur nach mór an fhoráil sin a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm aici i gcás inar dúnadh an nós imeachta tearmainn i dtríú Stát sábhailte, de réir bhrí Airteagal 26a de AsylG, tráth a aistríodh freagracht as iarratas ar chosaint náisiúnta chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III. B’amhlaidh a bheadh sé ós rud é go ndeachaigh an spriocdháta chun an nós imeachta maidir leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh ag M.E.O. sa Pholainn in éag an 20 Eanáir 2021, cé gur éirigh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine chun bheith freagrach as iarratas ar chosaint

idirnáisiúnta de chuid M.E.O. ar dhul in éag an spriocdháta, dá bhforáiltear le hAirteagal 29(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath IIII, 6 mhí ón gcinneadh, arna ghlacadh an 31 Iúil 2020, maidir le himeachtaí eatramhacha M.E.O. i gcoinne an chinnidh lenar ordaíodh go ndéanfaí é a aistriú go dtí an Pholainn, is é sin, an 31 Eanáir 2021.

36 Ar an dara dul síos, ní bheadh feidhm ag Airteagal 51(1) agus (2) deVwVfG sa chás seo sa mhéid is go mbeadh an t-iarratas ar thearmann arna chur isteach ag M.E.O. sa Ghearmáin bunaithe ar fhíricí sular fhág sí Poblacht na Liobóine. Ba cheart a thoimhdiú, áfach, gur mhaigh M.E.O. na fíricí céanna chun tacú lena hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thabhairt isteach sa Pholainn nó, ar a laghad, bhí sé in ann é sin a dhéanamh, a mhéid nach bhféadfadh na fíricí sin a mheas mar eilimintí nua a mhainnigh sí a mhaíomh gan mí-iompar tromhchúiseach ar a taobh.

37 Mar sin féin, measann an chúirt a rinne an tarchur, dá léireofaí go gcuirtear bac le dlí an Aontais ar fhoráil amhail Airteagal 71a de AsylG, ar an bhforas nach féidir iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nua a mheas mar a bheith ina ‘iarratas ina dhiaidh sin’ de réir bhrí Airteagal 2(q) de Threoir 2013/32, i gcás inar ghlac Ballstát eile den Aontas cinneadh cinntitheach faoi iarratas roimh ré ón iarrthóir céanna, gur cheart seasamh le hachomharc M.E.O.

38 I gcás ina mbeadh gá a mheas gur féidir iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta a cháiliú mar ‘iarratas ina dhiaidh sin’ de réir Airteagal 2(q), agus freisin, i gcás ina ndearna an Ballstát eile sin an nós imeachta maidir le hiarratas roimhe sin a rinne an t-iarratasóir céanna a chlabhsúr, a rinneadh i mBallstát eile, ar an bhforas gur mhainnigh an t-iarratasóir é a shaothrú, iarrann an chúirt a rinne an tarchur an gcuirtear bac le hAirteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32 ar dhiúltú an iarratais nua toisc é a bheith do-ghlactha gad is atá athoscailt an nós imeachta maidir leis an iarratas roimhe sin fós indéanta. Más amhlaidh atá, iarrann an chúirt a rinne an tarchur maidir le cé acu an dtagann cinneadh an spriocdháta inar féidir le hiarratasóirí iarraidh a dhéanamh go ndéanfaí an nós imeachta ar a hiarratas roimh ré a ath-oscailt faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais, agus, i gcás ina dtitfeadh an cheist sin faoi dhlí an Aontais, cén spriocdháta a leagtar síos leis an dlí sin.

39 Sna himthosca sin, chinn Verwaltungsgericht Minden (an Chúirt Riaracháin, Minden) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An gcaithfear Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q), den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht Bhallstáit ar dá réir ba chóir diúltú d’iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a rinneadh sa Bhallstát sin toisc é a bheith do-ghlactha i gcás ina ndearna an t-iarratasóir iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile cheana roimhe sin agus gur scor an Ballstát eile an nós imeachta sin toisc gur thréig an t-iarratasóir an t-iarratas sa Bhallstát sin?

2) Más freagra diúltach a thabharfar ar an gcéad cheist:

An gcaithfear Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2, pointe (q), den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht Bhallstáit ar dá réir ba chóir diúltú d’iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a rinneadh sa Bhallstát sin toisc é a bheith do-ghlactha i gcás ina ndearna an t-iarratasóir iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile cheana roimhe sin agus gur scor an Ballstát eile an nós imeachta sin toisc gur

thréig an t-iarratasóir an t-iarratas sa Bhallstát eile sin, cé gur féidir leis an mBallstát eile an nós imeachta tearmainn sa Bhallstát eile sin a ath-oscailt, má iarrann an t-iarratasóir amhlaidh sa Bhallstát eile?

3) Más freagra dearfach a thabharfar ar an dara ceist:

An bhforáiltear le dlí an Aontais an dáta ábhartha, i dtaca le cinneadh maidir le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta, chun a chinneadh an féidir nós imeachta tearmainn ar scoradh de roimhe sin i mBallstát eile a ath-oscailt fós nó an é an dlí náisiúnta amháin a rialaíonn an cheist sin?

4) Más é an freagra ar an tríú ceist go ndéantar foráil chuige sin i ndlí an Aontais:

Cad é an dáta ábhartha faoi dhlí an Aontais, i dtaca le cinneadh maidir le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta, chun a chinneadh an féidir nós imeachta tearmainn ar scoradh de roimhe sin i mBallstát eile a athoscailt fós?

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

40 I gCás C-123/23, d'iarr an chúirt a rinne an tarchur go dtabharfaí cóir thosaíochta chuig an gcás sin, de bhun Airteagal 53(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte. Le cinneadh an 18 Aibreán 2023, chinn Uachtarán na Cúirte Breithiúnais nach raibh aon ghá an iarraidh sin a dheonú.

41 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 10 Bealtaine 2023, rinneadh Cásanna C-123/23 agus C-202/23 a uamadh chun críocha na gcodanna i scríbhinn agus na gcodanna ó bhéal den nós imeachta agus den bhreithiúnas.

An cheist i gCás-123/23

42 Lena ceist i gCás C-123/23, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, ar cheart Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q) den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar Bhallstát a dhéanann foráil go bhféadfaí diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith do-ghlactha, de réir bhrí Airteagal 2(b) den Treoir sin, arna thíolacadh don Bhallstát sin ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát toisc é a bheith do-ghlactha, ar dhiúltaigh an Ballstát a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta roimhe sin arna thaisceadh chuig Ballstát eile le cinneadh críochnaitheach a glacadh ag an mBallstát eile sin.

43 I gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, is gá, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, ní hamháin a foclaíocht a chur san áireamh, ach freisin an comhthéacs ina bhfuil sí agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha atá sí mar chuid dóibh (breithiúnas an 28 Deireadh Fómhair 2022, Generalstaatsanwaltschaft München *(Eiseachadadh agus* ne bis in idem), C-435/22 PPU, EU:C:2022:852, mír 67 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Ar an gcéad dul síos, maidir le foclaíocht Airteagal 33(2) de Threoir 2013/32, lena leagtar amach, go cuimsitheach, cásanna inar féidir leis na Ballstát iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a mheas mar bheith do-ghlactha (breithiúnas an 20 Bealtaine 2021, L.R.(Iarratas ar thearmann arna dhiúltú ag an Iorua), C-8/20, EU:C:2021:404, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear), ní mór a thabhairt faoi deara go bhforáiltear, i bpointe d) gur féidir leis na Ballstáit cinneadh den chineál sin a ghlacadh i

gcás inarb ionann an t-iarratas sin agus ‘iarratas ina dhiaidh sin’ i gcás nár eascair nó nár thug an t-iarratasóir ar aird eilimintí nó torthaí nua ar bith i dtaca leis an scrúdú ar cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn an t-iarratasóir mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta de bhua Threoir 2011/95.

45 Sainmhínítear an coincheap ‘iarratas ina dhiaidh sin’ in Airteagal 2(q) de Threoir 2013/32 mar ‘iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta a dhéantar tar éis cinneadh críochnaitheach a rinneadh maidir le hiarratas roimhe sin’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

46 Leis an sainmhíniú seo, atáirgtear na coincheapa ‘iarratas ar chosaint idirnáisiúnta’ agus ‘cinneadh críochnaitheach’ a shainmhínítear chomh maith le hAirteagal 2 den Treoir sin, i bpointí b) agus e) faoi seach.

47 Ar an gcéad dul síos, maidir leis na coincheapa ‘iarratas ar chosaint idirnáisiúnta’ nó ‘iarratas’, a shainmhínítear le hAirteagal 2(b) de Threoir 2013/32 mar bheith ina iarratas ar chosaint a dhéanann náisiúnach tríú tír nó duine gan stáit ‘ó Bhallstát’, ar duine é nó í is féidir a thuiscint mar dhuine atá ag iarraidh stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí, de réir bhrí Threoir 2011/95.

48 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcoincheap ‘cinneadh críochnaitheach’, tagraíonn an coincheap sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(e) de Threoir 2013/32, d’aon chinneadh maidir le stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí a dheonú don náisiúnach tríú tír nó don duine gan stát faoi Threoir 2011/95 agus nach bhfuil faoi réir achomhairc a thuilleadh faoi Chaibidil V de Threoir 2013/32.

49 Dá bhrí sin, ní mór a mheas nach mbunaítear le hAirteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar leis na forálacha a luaitear i míreanna 45 go 48 den bhreithiúnas seo, coinníoll ar dá réir, nach mór go dtabharfaí iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta chuig údaráis an Bhallstáit chéanna a ghlac an cinneadh críochnaitheach sin maidir le hiarratas roimh ré ón iarratasóir céanna d’fhonn é a shainiú mar ‘iarratas ina dhiaidh sin’ agus a diúltaíodh dó de bhrí nach raibh aon fhianaise nó fíricí nua ann.

50 Ar an dara dul síos, tacaítear le comhthéacs na forála sin leis an léiriú sin.

51 Mar sin, foráiltear le hAirteagal 40 de Threoir 2013/32, lena leagtar amach an nós imeachta is infheidhme d’iarratais ina dhiaidh sin, i mír 7 de, *inter alia*, i gcás ina ndéanfaidh duine, a bhfuil cinneadh aistrithe le forghníomhú ina leith faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III, iarratas ina dhiaidh sin i mBallstát an aistrithe, go ndéanfaidh an Ballstát atá freagrach scrúdú ar an iarratas sin de réir bhrí an Rialacháin sin.

52 Is léir ó Airteagal 17(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, áfach, nach bhféadfaí cinneadh aistrithe de bhun an Rialacháin sin a ghlacadh i gcás ina bhfuil scrúdú déanta ag an mBallstát ina bhfuil an duine lena mbaineann ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh ag an duine sin, ós rud é go bhfuil scrúdú den sórt sin déanta ag an mBallstát sin agus go bhfuil sé ina ‘Bhallstát atá freagrach’ mar thoradh air sin, de réir bhrí an Rialacháin sin, agus nach féidir leis a iarraidh a thuilleadh go n-aistreofaí an t-iarratasóir chuig Ballstát eile.

53 Leanann sé go loighciúil gurb ionann an ‘t-iarratas ina dhiaidh sin’ dá bhforáiltear le hAirteagal 40(7) de Threoir 2013/32 agus iarratas nua arna dhéanamh sa Bhallstát a d’iarr an t-aistriú tar éis don Bhallstát an bhfuil an duine lena mbaineann le haistriú cinneadh a dhéanamh

maidir le hiarratas roimhe sin ón iarratasóir céanna. Deimhnítear leis an bhforáil sin, mar sin, go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'iarratas ina dhiaidh sin' mar a shainmhínítear le hAirteagal 2(q) den Treoir sin, cás ina chuirtear iarratas nua a cuireadh isteach i ndiaidh do Bhallstát eile cinneadh maidir le hiarratas roimhe sin ón iarratasóir céanna a ghlacadh.

54 Le hAirteagal 40(1) de Threoir 2013/32, ina dtagraítear, *inter alia*, don fhéidearthacht go ndéanfadh duine a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát ar leith 'iarratas ina dhiaidh sin sa Bhallstát sin' a thíolacadh, dearbhaítear freisin an léiriú a leagtar amach i mír 49 den bhreithiúnas seo. Más rud é, chun go ndéanfaí é a cháiliú mar 'iarratas ina dhiaidh sin' de réir bhrí Airteagal 2(q) den Treoir sin, gur ghá iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit chéanna leis an mBallstát a rinne cinneadh maidir le hiarratas roimhe sin ón iarratasóir céanna, bheadh an tagairt, in Airteagal 40(1) den Treoir sin, d'iarratas ina dhiaidh sin a rinneadh 'sa Bhallstát sin' iomarcach.

55 Ar an tríu dul síos, maidir le léiriú Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32 ar chaoi go bhféadfadh Ballstáit 'iarratas ina dhiaidh sin' a cháiliú agus a dhiúltú toisc é a bheith do-ghlactha, i gcás nach eilimintí nó torthaí nua ann chun tacú leis, tá iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh ag iarratasóir ar diúltaíodh dá iarratas roimhe sin le cinneadh críochnaitheach arna ghlacadh ag Ballstát eile comhsheasmhach freisin leis an gcuspóir gluaiseachtaí tánaisteacha iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta idir na Ballstáit a theorannú, arb é an cuspóir atá á shaothrú leis an Treoir sin, mar is léir ó aithris 13 di.

56 Mar sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta dá haire, go bunúsach, i míreanna 82 go 84 dá Thuairim, ní féidir léiriú Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32 ar dá réir gur féidir iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh chuig údaráis inniúla Ballstáit a cháiliú mar 'iarratas ina dhiaidh sin' agus a dhiúltú toisc é a bheith do-ghlactha de bhrí nach raibh aon fhianaise nó fíricí nua ann, amhail i gcás inar diúltaíodh d'iarratas roimhe sin ón iarratas céanna le cinneadh críochnaitheach arna ghlacadh ag an mBallstát céanna, d'fhéadfadh an léiriú sin na hiarratasóirí ar dhiúltaigh údaráis inniúla Ballstáit dá n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta go cinntitheach bogadh chuig dara Ballstát, nó fiú chuig tríú Ballstát d'fhonn iarratas nua comhchosúil a dhéanamh ansin, agus é ag súil go mbeadh toradh fabhrach dóibh mar thoradh ar scrúdú iomlán ar an iarratas sin, a bheith le déanamh, i gcomhréir leis an léiriú sin, ag údaráis na mBallstát eile sin.

57 Ní mór a chur in iúl freisin go bhfuil an fhéidearthacht diúltú d'iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith do-ghlactha, ar iarratas é nach bhfuil bunaithe ar eilimintí nó torthaí nua ná nach nochtann eilimintí nó fíorais den sórt sin, i gcás inar diúltaíodh d'iarratas roimhe sin ón iarratasóir céanna le cinneadh arna dhéanamh ag Ballstát eile, comhsheasmhach le prionsabal na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit, ar a bhfuil, de réir chásdlí na Cúirte, an Comhchóras Eorpach Tearmainn bunaithe agus a bhfuil tábhacht bhunúsach ag baint leis i ndlí an Aontais, ós rud é go gceadaítear leis limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chruthú agus a chothabháil (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Nollaig 2020, Minister for Justice and Equality *(Iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in Éirinn)*, C-616/19, EU:C:2020:1010, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Thairis sin, ní mór a mheabhrú go bhfuil léiriú Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32 a leagtar amach i mír 55 den bhreithiúnas seo i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais a eascraíonn ó bhreithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, Bundesrepublik Deutschland *(Iarratas ar thearmann arna dhiúltú ag an Danmhairg)* (C-497/21, EU:C:2022:721).

59 Is fíor gur mheas an Chúirt, sa bhreithiúnas sin, nach mór Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q) den Treoir sin, agus le hAirteagal 2 den Prótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge in CAE agus in CFAE, a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar reachtaíocht náisiúnta de chuid Ballstáit cé is moite de Ríocht na Danmhairge, lena bhforáiltear go bhféadfaí iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú toisc é a bheith do-ghlactha, de réir bhrí Airteagal 2(b) den Treoir sin, arna thaisceadh sa Bhallstát eile sin ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát ar dhiúltaigh an Ballstát deireanach sin dá iarratas ar chosaint idirnáisiúnta roimhe sin, arna dhéanamh i Ríocht na Danmhairge.

60 Mar sin féin, mar is léir ó mhíreanna 35 agus 43 den bhreithiúnas sin, bhunaigh an Chúirt an léiriú sin d'Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32 ar an reacht áirithe atá ag Ríocht na Danmhairige, de bhun an Phrótacail a luaitear sa mhír roimhe sin, maidir leis an Tríú Cuid, Teideal V CAE, lena gcumhdaítear, *inter alia*, na bearta maidir le rialú teorann, tearmann agus inimirce. Mar sin, i gcomhréir leis an bPrótacal sin, níl feidhm ag Treoir 2011/95 i leith an Bhallstáit sin, sa mhéid nach bhféadfadh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna chur isteach chuig na húdaráis inniúla den Bhallstát sin a bheith ina iarratas lena bhfuil 'stádas cosanta dídeanaí nó stadas cosanta coimhdí á lorg', de réir bhrí Threoir 2011/95.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

61 A mhéid a bhaineann le mír 46 de bhreithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, Bundesrepublik Deutschland *(Iarratas ar thearmann arna dhiúltú ag an Danmhairg)* (C-497/21, EU:C:2022:721), chuir an Chúirt Bhreithiúnais béim ar an gcaoi go bhfuil feidhm ag Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32 a tugadh sa bhreithiúnas sin gan dochar don tsaincheist ar leith maidir le cibé an bhfuil feidhm ag an gcoincheap 'iarratas ina dhiaidh sin' maidir le hiarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta chuig Ballstát tar éis an t-iarratas roimhe sin arna dhéanamh ag Ballstát eile seachas Ríocht na Danmhairge a dhiúltú le cinneadh críochnaitheach.

62 I ndáil leis an méid roimhe sin, ní mór an cheist i gCás C-123/23 a fhreagairt sa chaoi nach mór Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q) den Treoir sin, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear bac ar reachtaíocht de chuid Ballstáit lena bhforáiltear don fhéidearthacht diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith do-ghlactha, de réir bhrí Airteagal 2(b) den Treoir sin, arna thíolacadh don Bhallstát sin ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, arna thíolacadh chuig Ballstát eile a bhfuil feidhm ag Treoir 2011/95 ann, a diúltaíodh dó le cinneadh críochnaitheach arna ghlacadh ag an mBallstát eile sin.

Na ceisteanna i gCás-202/23

63 Mar réamhphointe, is ceart a choinneáil i gcuimhne, de réir chásdlí socair na Cúirte, sa nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Ag teacht leis an méid sin, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé na ceisteanna arna gcur os a comhair a athfhoirmliú, i gcás inarb iomchuí. Ina theannta sin, d'fhéadfaí a chur ina luí ar an gCúirt Bhreithiúnais forálacha dhlí an Aontais a chur san áireamh nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh i bhfoclaíocht a ceiste (breithiúnas an 15 Iúil 2021, Ministrstvo za obrambo, C-742/19, EU:C:2021:597, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

64 Mar sin, ós rud é gur thagairt an chúirt a rinne an tarchur, go foirmiúil, ina ceisteanna, d'fhorálacha sonracha áirithe de dhlí an Aontais, ní chuirtear bac ar an gCúirt Bhreithiúnais na pointí léirithe go léir a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair chun breithniú a dhéanamh ar an gcás sna príomhimeachtaí a sholáthar di, tríd an bhfaisnéis go léir a chuir an chúirt sin ar fáil a bhaint, agus go háirithe ón ráiteas ar na cúiseanna leis an ordú tarchuir, na heilimintí de dhlí an Aontais is gá a léiriú i bhfianaise ábhar na díospóide (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Aibreán 2021, Profi Credit Slovakia, C-485/19, EU:C:2021:313, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

65 Sa chás seo, is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl, a ndéantar achoimre uirthi i míreanna 31 go 35 den bhreithiúnas seo, go ndearna M.E.O., ar an gcéad dul síos, iarratas ar chosaint idirnáisiúnta le húdaráis na Polainne, ina dhiaidh sin, an 2 Márta 2020, agus tháinig sé isteach sa Ghearmáin agus rinne sé iarratas ar thearmann ann, arna chlárú ag an Oifig Cónaidhme an 30 Aibreán 2020. Idir an dá linn, dhún údarás inniúil na Polainne an nós imeachta a tionscnaíodh le hiarratas arna dhéanamh ag M.E.O. ar an bhforas go raibh M.E.O. ina cónaí sa Ghearmáin.

66 Maidir leis an Oifig Cónaidhme, dhiúltaigh sí d'iarratas ar thearmann de chuid M.E.O., le cinneadh an 14 Iúil 2021, atá i gceist na príomhimeachtaí i gCás C-202/23, toisc é a bheith do-ghlactha, ar an bhforas go raibh údarás inniúil na Polainne tar éis clabhsúr a chur cheana féin, le cinneadh críochnaitheach, i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Threoir 2013/32, leis an nós imeachta maidir leis an iarratas roimhe sin ón iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, ar an dara a aistríodh freagracht as próiseáil iarratas M.E.O. ar chosaint idirnáisiúnta chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath III, eadhon an 31 Eanáir 2021, ós rud é gur rinneadh an t-iarratas sin a tharraingt siar go hintuigthe, de réir an údaráis sin.

67 Dá bhrí sin, chun diúltú d'iarratas M.E.O. ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith do-ghlactha, bhraith an Oifig Cónaidhme ar an mbonn, in imthosca amhail na cinn a leagtar amach i míreanna 65 agus 66 den bhreithiúnas seo, gurbh fhéidir iarratas nua M.E.O. ar chosaint idirnáisiúnta a cháiliú mar 'iarratas ina dhiaidh sin' de réir bhrí Airteagal 2(q) de Threoir 2013/32 agus Airteagal 33(2)(d) den Treoir sin a chur i bhfeidhm ina leith. Tá na ceisteanna a chuirtear i gCás C-202/23 bunaithe ar an mbonn céanna.

68 Sa chomhthéacs sin, ní mór na ceisteanna a tharchuirtear i gCás C-202/23 a athfhoirmliú agus a mheas, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, leis sin, go bunúsach, ar cheart Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q) den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar reachtaíocht de chuid Ballstáit lena bhforáiltear don fhéidearthacht diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith do-ghlactha, de réir bhrí Airteagal 2(b) den Treoir sin, arna dhéanamh chuig an mBallstát sin ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile cheana féin, i gcás ina ndearnadh an t-iarratas nua sular ghlac an dara Ballstát an cinneadh chun an scrúdú ar an iarratas roimhe sin a scor, i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Treoir sin, mar gheall ar tharraingt siar intuigthe an iarratais sin.

69 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go bhforáiltear, go sainráite, le hAirteagal 2(q) de Threoir 2013/32 don fhéidearthacht iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta a cháiliú mar 'iarratas ina dhiaidh sin' tar éis Cinneadh críochnaitheach a bheith déanta i dtaobh iarratas roimhe sin, lena n-áirítear cás inar tharraing an t-iarratasóir an t-iarratas uaidh siar go sainráite nó cás inar dhiúltaigh an t-údarás cinntitheach, de réir bhrí Airteagal 2(f) den Treoir sin, d'iarratas tar éis é a bheith tarraingthe siar go hintuigthe, i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Treoir sin.

70 Luaitear sa chéad fhomhír d'Airteagal 28(1) de Threoir 2013/32, i gcás inarb ann d'fhoras substaintiúil chun a mheas go ndearna iarratasóir a iarratas a tharraingt siar nó a aisghabháil go hintuigthe, áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh an t-údarás cinntitheach cinneadh, eadhon scor den iarratas a scrúdú nó, ar choinníoll go measann an t-údarás cinntitheach go bhfuil an t-iarratas gan bhunús ar bhonn scrúdú substainteach iomchuí ar an iarratas, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2011/95, an t-iarratas a dhiúltú.

71 I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 28(1)(b) de Threoir 2013/32, féadfaidh na Ballstáit a thoimhdiú go ndearna iarratasóir a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar nó a aisghabháil go hintuigthe, i gcás ina gcinntear gur éalaigh sé nó sí óna áit nó óna háit chónaithe nó ón áit inar coinníodh é nó í, nó gur fhág sé nó sí an áit choinneála gan údarú, gan teagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil laistigh de thréimhse réasúnach ama, nó nár chomhlíon sé laistigh de thréimhse réasúnach ama dualgais tuairiscithe nó oibleagáidí eile chun fógra a thabhairt, ach amháin má léiríonn an t-iarratasóir gur tharla sé de bharr imthosca nach raibh neart aige nó aici orthu.

72 Thairis sin, foráiltear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 28(2) de Threoir 2013/32 go n-áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag an iarratasóir iarratas nua, arna dhéanamh ag iarratasóir atá á chur isteach faoi bhráid an údaráis inniúil tar éis cinneadh a dhéanamh an scrúdú a scor, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) a iarraidh go ndéanfar a chomhad a athoscailt nó go ndéanfar iarratas nua nach gcuirfear faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 41 den Treoir sin. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 28(2) den Treoir sin, féadfaidh na Ballstáit, ar an gcéad dul síos, foráil a dhéanamh do thréimhse 9 mí nach bhféadfaí comhad an iarratasóra a athoscailt ina dhiaidh sin nó nach bhféadtar an t-iarratas nua a phróiseáil mar iarratas ina dhiaidh sin agus a chur faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 41 den Treoir sin agus, ar an taobh eile, a fhoráil nach bhféadtar comhad an iarratasóra a athoscailt ach uair amháin.

73 Cé nach ndéantar tagairt go sainráite in Airteagal 2(q) de Threoir 2013/32 do chás ina bhfuil cinneadh déanta ag an mBallstát a ndearna an t-iarratasóir a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta chuig an scrúdú ar an iarratas sin a scor tar éis é a tharraingt siar go hintuigthe, féadfar iarratas nua a chuirtear isteach tar éis cinneadh den sórt sin a ghlacadh a cháiliú freisin mar 'iarratas ina dhiaidh sin' de réir bhrí na forála sin. Mar sin, murab amhlaidh an cás, ní bheadh aon ghá foráil a dhéanamh, leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 28(2) den Treoir sin, d'iarratas nua, arna thíolacadh ag iarratasóir atá á chur isteach faoi bhráid an údaráis inniúil tar éis cinneadh a dhéanamh an scrúdú a scor dá dtagraítear in Airteagal 28(1), faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 41 den Treoir sin, a bhaineann le hiarratais ina dhiaidh sin.

74 Mar sin féin, is léir ó na téarmaí céanna d'Airteagal 2(q) de Threoir 2013/32 nach féidir iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta, arna dhéanamh ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a bhfuil iarratas den chineál sin déanta aige cheana féin, a cháiliú mar 'iarratas ina dhiaidh sin' agus a dhiúltú toisc é a bheith do-ghlactha, i gcomhréir le hAirteagal 33(2)(d) den Treoir sin, ach amháin má rinneadh é tar éis cinneadh críochnaitheach a bheith glactha ar an iarratas ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, déantar aicmiú mar 'iarratas ina dhiaidh sin' ar iarratas nua ón iarratasóir céanna a eisiamh i gcás inar cuireadh an t-iarratas nua sin isteach sular glacadh cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas a rinne an t-iarratasóir sin roimhe sin.

75 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go bhfuil idirdhealú go ndéantar idirdhealú le hAirteagal 6 de Threoir 2013/32 idir iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh, clárú an iarratais sin, atá mar fhreagracht ar an mBallstát lena mbaineann faoin gcéad fhomhír agus faoin dara fomhír de mhír 1 den Airteagal sin, agus tabhairt isteach an iarratais sin, lena gceanglaítear, i bprionsabal, ar an

iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta foirm dá bhforáiltear chun na críche sin a chomhlánú, i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 den Airteagal sin (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, Ministerio Fiscal *(Údarás a fhéadfaidh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a fháil)*, C-36/20 PPU, EU:C:2020:495, míreanna 87 agus 93).

76 Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin, níl aon fhoirmiúlacht riaracháin ag teastáil chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta 'a dhéanamh', ós rud é nach mór go ndéanfaí na foirmiúlachtaí a chomhlíonadh tráth a dhéantar an t-iarratas sin 'a chur isteach' (breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, Ministerio Fiscal *(Údarás a fhéadfaidh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a fháil)*, C-36/20 PPU, EU:C:2020:495, mír 93).

77 Maidir le húsáid an téarma 'déanta' in Airteagal 2(q) de Threoir 2013/32, ní mór a mheas, d'fhonn iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a cháiliú mar 'iarratas ina dhiaidh sin', de réir bhrí na forála sin, nach bhfuil ábhartha ach an dáta a rinneadh an t-iarratas sin.

78 Ina theannta sin, ní féidir an cinneadh a rinne an t-údarás cinntitheach, i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Threoir 2013/32, chun deireadh an scrúdaithe ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scor ar an bhforas gur tharraing an t-iarratasóir siar go hintuigthe a iarratas a mheas mar chinneadh críochnaitheach, de réir bhrí Airteagal 2(e) den Treoir sin, fad a bheidh an deis ag an iarratasóir, dá bhforáiltear in Airteagal 28(2) den Treoir sin, a iarraidh go ndéanfar a chomhad a athoscailt nó go ndéanfar iarratas nua nach gcuirfear faoi réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagail 40 agus 41 de Threoir 2013/32. Dá bhrí sin, ní féidir iarratas nua arna chur isteach ag iarratasóir sa chás sin a cháiliú mar 'iarratas ina dhiaidh sin' de réir bhrí Airteagal 2(q) den Treoir sin agus ní féidir diúltú dó toisc é a bheith do-ghlactha, i gcomhréir le hAirteagal 33(2)(d) den Treoir sin.

79 Sa chás seo, is léir ón gcomhad os comhair na Cúirte go ndearna M.E.O. iarratas ar thearmann chuig údaráis na Gearmáine an 2 Márta 2020, ós rud é nár glacadh cinneadh ó údarás inniúil na Polainne chun an nós imeachta maidir lena hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh chuig údaráis na Polainne an 20 Aibreán 2020 agus go raibh baol ann, ina theannta sin, go ndéanfaí an nós imeachta a athoscailt. Más amhlaidh atá, agus más faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, is gá a chinneadh nach gcomhlíonann cáiliú an iarratais ar thearmann a chuir M.E.O. faoi bhráid údaráis na Gearmáine mar 'iarratas ina dhiaidh sin' agus diúltú an iarratais sin toisc é a bheith do-ghlactha, ós rud é nár thíolaic M.E.O. eilimintí nó torthaí nua maidir lena iarratas roimhe sin, Airteagal 2(q) agus Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32.

80 I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, is é an freagra a thugtar ar an gcúirt a rinne an tarchur nach mór Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q) den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Bhallstáit lena bhforáiltear go bhféadfaí iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú toisc é a bheith do-glactha, de réir bhrí Airteagal 2(b) den Treoir sin, arna dhéanamh chuig an mBallstát sin ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta aige cheana féin i mBallstát eile, i gcás ina ndearnadh an t-iarratas nua os comhair údarás inniúil an dara Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Treoir sin, tar éis dó cinneadh a dhéanamh an scrúdú ar an iarratas roimhe sin a scor mar thoradh ar a tharraingt siar intuigthe.

Costais

81 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q) den Treoir sin,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   Ní chuirtear bac leis ar reachtaíocht de chuid Ballstáit lena bhforáiltear don fhéidearthacht diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith do-ghlactha, de réir bhrí Airteagal 2(b) den Treoir sin, arna dhéanamh chuig an mBallstát sin ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta chuig Ballstát a bhfuil feidhm ag Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, a diúltaíodh dó le cinneadh críochnaitheach arna ghlacadh ag an mBallstát eile sin.

2. **Maidir le hAirteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q) den Treoir sin:**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear bac leis ar reachtaíocht de chuid Ballstáit lena bhforáiltear don fhéidearthacht diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith do-ghlactha, de réir bhrí Airteagal 2(b) den Treoir sin, arna dhéanamh chuig an mBallstát sin ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile cheana féin, i gcás ina ndearnadh an t-iarratas nua sular ghlac an dara Ballstát an cinneadh chun an scrúdú ar an iarratas roimhe sin a scor, i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Treoir sin, mar gheall ar tharraingt siar intuigthe an iarratais sin.

Sínithe